Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tacú le Pleanáil le haghaidh Threoir na Sraithe Sóisearaí

## Comhdháil IGC

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Gráinseach Campas
An 6 agus an 7 Márta, 2026.


*Ceannairí Foghlama Gairmiúla i dTreoir Oide:*
*Sinéad Duffy & Niamh Uí Thuama.*



CC BY NC

# Is é sprioc an EFG seo ar Threoir an méid seo a leanas...

Oide

- Tacú le treoirchomhairleoirí chun a mbealach a dhéanamh trí Threoir na Sraithe Sóisearaí as naisc idir **cleachtas** agus **beartas** na Roinne Oideachais agus Óige agus **taighde** oideachais a dhéanamh.
- Deiseanna a sholáthar le haghaidh comhiniúchadh **riachtanais scoláirí** ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí d'fhonn **príomhthéamaí** i gcomhthéacs a aithint.
- Tacú le rannpháirtithe chun úsáid a bhaint as na léargais sin d'fhonn **eolas a dhéanamh dá gclár Treorach le haghaidh na Sraithe Sóisearaí** laistigh dá gcomhthéacs scoile féin.



**1.5uac**

https://tinyurl.com/mw4svex5

Oide

# Fáilte agus Cúrsaí Cur in Aithne

Cuirimis in aithne dá chéile sinn ……


1. Ainm, Scoil, agus ról gairmiúil
2. Rátáil d'eolas ar Threoir na Sraithe Sóisearaí (1-5)
3. Líon an abairt seo a leanas:



*"I mo scoilse, braitheann Treoir na Sraithe Sóisearaí faoi láthair mar…"*

# Gníomhaíocht 1:
# Ó Pholasaí go Cleachtas.






Féachaimis ar ráitis maidir le polasaí, cleachtas, agus taighde!


*"Is beag is féidir le duine a bhaint amach ina aonair;*
*Is mór is féidir linn a bhaint amach le Chéile".*
Helen Keller

https://tinyurl.com/mw4svex5

# Pleanáil agus Soláthar Treorach.

*"De réir sainmhínithe, tá treoir dírithe ar an duine agus iomlánaíoch. Tacaíonn sí le forbairt phearsanta agus shóisialta, forbairt oideachais agus forbairt gairme an duine aonair: déanann treoir daoine aonair a éascú agus a chumhachtú cinntí eolacha agus roghanna eolacha saoil a dhéanamh."*

ROÓ Ciorclán 01/2025 lch.1




*"Tá an clár treorach deartha chun freastal ar na riachtanais trí chur chun feidhme a dhéanamh ar raon eispéireas foghlama a sholáthraítear i seicheamh forbarthach agus lena gcabhraítear le scoláirí forbairt a dhéanamh ar scileanna féinbhainistíochta arb é an toradh a bheidh orthu ná roghanna éifeachtacha agus cinntí éifeachtacha maidir lena saol."*

ROÓ Nóta Faisnéise TC 01/2024, lch.3




*"Sonraítear in alt 9(c) den Acht Oideachais (1998) go n-úsáidfidh scoil na hacmhainní a bheidh ar fáil di chun "a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme.*

Acht Oideachais 1998

# Polasaí Treorach sa tSraith Shóisearach

Oide

**1** **Ciorcláin ó ROÓ a bhaineann leis an tSraith Shóisearach. 28/2023**

**Cuimsíodh** Clár na Sraithe Sóisearaí **oideachas treorach**.

**2** **Treorlínte ón CNCM le haghaidh Folláine sa tSraith Shóiseareach**

Tá sé ráite i gCreat na Sraithe Sóisearaí 2015 **gur féidir** soláthar treorach a áireamh sna huaireanta atá ar fáil d'Fhollaine.


**3** **Nóta Eolais 09/2023 ón ROÓ**

Ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí, tugtar faoi **thrí cinn** de ghníomhaíochtaí treorach i gcoitinne ... gníomhaíochtaí scoile uile ... treoirchomhairliú aghaidh ar aghaidh ... treoir sa seomra ranga.

**Níl aon uasmhéid ná íosmhéid** de líon uaireanta maidir le soláthar Treorach ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí.

Is féidir le **treoirchomhairleoir nó múinteoir foghlaim** a bhaineann le treoir sa seomra ranga a chur ar fáil de réir pleanáil Treorach Scoile Uile.

# Treoir á cur i gcomhthéacs ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí




*"Tá **comhoibriú** idir comhairleoirí treorach agus comhordaitheoirí ábhair ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar chlár cuimsitheach agus éifeachtach Folláine. Go háirithe, tá comhordú agus cumarsáid idir na **múinteoirí OSPS agus an comhairleoirí treorach** ríthábhachtach chun **forluí féideartha a shainaithint** i bhfoghlaim idir OSPS agus foghlaim i bhfoghlaim treorach na sraithe sóisearaí agus chun a chinntiú go mbeidh an bheirt acu ag comhlánú a chéile agus chun dúbailt nach cabhair í a sheachaint."*

CNCM Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSS, 2021, Roinn 4.3, lch. 48

# Treoir á cur i gcomhthéacs ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí

Oide

**Tábla 3 An mhatamaitic a bhaineann le folláine a leagan amach sa chlár ama**

| Ní mór do scoileanna 28 uair an chloig d'am teagaisc ranga a chur ar fáil don scoláire. | **Má roghnaíonn scoileanna an t-uaslíon ábhar, 10 gcinn*** | **Má roghnaíonn scoileanna 9 n-ábhar*** |
|---|---|---|
| 28uac x 33.4 seachtain x 3 bliana = 2,805 uair an chloig | 3 ábhar @ 240 uac an t-ábhar<br>7 n-ábhar @ 200 uac an t-ábhar (nó meascán coibhéiseach ábhar agus gearrchúrsaí)<br>= 2,120 uac<br>+ 400 uair an chloig de chlár folláine = 2,520 uair an chloig<br><br>Fágann seo 285 uair an chloig bhreise, thar 3 bliana, le haghaidh cibé eile a mheastar a bheith riachtanach | 3 ábhar @ 240 uac an t-ábhar<br>6 ábhar @ 200 uac an t-ábhar (nó meascán coibhéiseach ábhar agus gearrchúrsaí)<br>= 1,920 uac<br>+ 400 uair a chloig de chlár folláine = 2,320 uair an chloig<br><br>Fágann seo 485 uac bhreise, thar 3 bliana, le haghaidh cibé eile a mheastar a bheith riachtanach. |


*nó ábhair choibhéiseacha agus gearrchúrsaí) mar seo a shuimítear é


1 Ciorclán 0076/2020

CNCM Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSS, 2021, Roinn 4.3, lch. 48

# Gníomhaíocht 2: Taighde, Réasúnaíocht, agus Pleanáil maidir le Treoir na Sraithe Sóisearaí:


Oide





Indecon Review of Career Guidance

Final Report

2 April 2019




Cad a thugtar le fios dúinn sna trí mhír maidir le **cuspóir** Threoir na Sraithe Sóisearaí agus lena **pleanáil** i scoileanna?


https://tinyurl.com/mw4svex5

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Taighde OECD ar Ullmhú Gairme






*Níl 39% de dhaoine 15 bliana déag d'aois cinnte faoin nasc idir scoil agus pleananna gairme ina diaidh.*

*Tá 21% acu 'droch-ailínithe' (i.e. níl an tuiscint cheart acu)*

*Iad siúd a bhfuil leibhéal níos airde d'éiginnteacht ag cúig bliana déag, léiríonn siad torthaí foghlama níos measa ag 25.*

*Tá gairm-mhianta an-chúng ann.*

Taighde OECD ar Ullmhú Gairme i measc Déagóirí thar an Domhan, 2025.



Tá tábhacht le tacú le scoláirí ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí chun gur féidir leo iniúchadh a dhéanamh ar a dtodchaí, blaiseadh díobh a fháil, agus smaoineamh orthu.

# Tuarascáil Indecon 2019

| Table 3.1: Guidance Counsellors Estimates of Timing of Initial Consideration of Career Choice and Receipt of Career Information | | |
|---|---|---|
| **Percentage of Guidance Counsellors/Practitioners** | **Timing of Initial Consideration of Career Choice** | **Timing of Initial Receipt of Career Information** |
| In Primary School | 17.4% | 0.3% |
| In Junior Cycle – First, Second or Third Year | 31.7% | 26.3% |
| During Transition Year | 30.4% | 47.8% |
| During Fifth Year | 8.7% | 14.7% |
| During Sixth Year | 5.1% | 5.6% |
| Post Leaving Cert | 3.3% | 2.0% |
| FET | 3.3% | 3.3% |
| **Total Respondents** | **100%** | **100%** |

*Source: Indecon analysis of Confidential Survey of Guidance Counsellors*



Tuarascáil Indecon, 2019 lch 17.



Maidir le treoir, tá tionchar mór ag idirghabháil luath ar chinntí gairme.

| Table 3.2: When Second-level Student Respondents First Started Thinking about What to Do Upon Leaving School/Education | |
|---|---|
| **Age at which you first started thinking about what to do upon leaving school/education** | **Percentage of Second-level Students** |
| In Primary School | 24.8% |
| In Junior Cycle – First, Second or Third Year | 37.2% |
| During Transition Year | 30.3% |
| Other | 7.7% |
| **Total** | **100%** |

*Source: Indecon analysis of Confidential Survey of Second-level and Higher-level Students*

# Cur le heolas de reir Riachtanais Treorach.

Oide





Cad iad na bealaí ar féidir linn riachtanais scoláirí a aithint i dTreoir?

*"Foghlaim eile ar féidir a chur san áireamh i gclár Folláine: … I measc na roghanna tá: aonaid foghlama arna bhforbairt sa scoil a thugann faoi ghné den fholláine atá sainaitheanta trí chomhairliúchán le scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí.*

CNCM Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSS, 2021, Roinn 4.4, lch. 50

# Modhanna Bailithe Sonraí atá Ilchineálach



**Eolas Gairmiúil & Measúnú**

Foirne Tacaíochtaí ar son Scoláirí.

**Grúpaí Fócais**

**Suirbhéanna**

Google Forms

Microsoft Forms

*"Sa chás go bhfuil Foireann Tacaíochta Daltaí ar bun, ba cheart sin a bheith lárnach maidir le córais tacaíochta uile na scoile, lena n-áirítear iad siúd atá freagrach as an bpleanáil ar chlár folláine na Sraithe Sóisearaí."*

ROÓ Nóta Faisnéise 09/2023, lch 4

# Sampla de Cheisteanna Suirbhé



**Suirbhéanna**

*An Oide Guidance sample survey in capturing student voice/needs to go here & on Padlet*

https://tinyurl.com/mw4svex5

# Gníomhaíocht 3: Téamaí nó Topaicí atá le Cur san Áireamh i dTreoir na Sraithe Sóisearaí.

Oide

| Cursaí Sóisialta Pearsanta | Cursaí Oideachasúil | Cúrsaí Gairme |
|---|---|---|
| 1 | 1 | 1 |
| 2 | 2 | 2 |
| 3 | 3 | 3 |
| 4 | 4 | 4 |
| 5 | 5 | 5 |

https://tinyurl.com/mw4svex5

# Acmhainní Treorach sa tSraith Shóisearach a thacaíonn le Pleanáil




Treoirlínte le haghaidh Folláine 2021

Cuireann sé téamaí samplacha ar fáil chun gur féidir aonaid foghlama i dTreoir a phleanáil (lch 49).

scoilnet

Acmhainní a bhaineann le Treoir


Ar na ceachtanna a bhaineann le Treoir, cuimsítear plean ceachta, cur i láthair, agus bileog shaothair a bhaineann leis.

An Roinn Oideachais
Department of Education

Nóta Faisnéise 09/2023
and
Nóta Faisnéise 1/2024

Cuirtear torthaí foghlama samplacha agus eispéiris ar fáil a d'fhéadfadh eolas a dhéanamh de phleanáil Treorach san haonaid foghlama.

# Aonaid Foghlama Samplacha atá le húsáid i dTreoir:
# Treoirlínte le haghaidh Folláine ón CNCM




**Tábla 3 – Foghlaim shamplach a bhaineann le treoir laistigh d'Fholláine**

| AN CHÉAD BHLIAIN | AN DARA BLIAIN | AN TRÍÚ BLIAIN |
|---|---|---|
| • Ag aistriú chuig an gcéad bhliain<br>• Foghlaim le foghlaim<br>• Feasacht ar láidreachtaí agus spéiseanna pearsanta<br>• Spriocanna pearsanta agus foghlama a shocrú<br>• Scileanna féinbhainistíochta agus bainistíochta ama<br>• Eolas a bheith acu cén áit le dul chun cabhair a fháil<br>• Roghnú ábhair (mar a bhfuil blaschláir ann)<br>• Clár meantóra/cairde scoláire | • Foghlaim le foghlaim<br>• Machnamh orm féin mar fhoghlaimeoir<br>• Straitéisí maidir le féinrialáil don fhoghlaim<br>• Spriocanna pearsanta agus foghlama a shocrú<br>• Inspreagadh<br>• Scileanna a fhorbairt chun déileáil le gnáthstrus an tsaoil<br>• Feasacht maidir le gairm bheatha | • Scileanna staidéir<br>• Scileanna eagraíochtúla, pleanála agus bainistíochta ama<br>• Straitéisí déileála i dtréimhsí struis<br>• Strus scrúduithe a bhainistiú<br>• A bheith in ann saol cothrom a chothú<br>• Mo luachanna, láidreachtaí agus spéiseanna agus conairí féideartha gairme a shainaithint<br>• Rogha ábhair<br>• Smaoineamh faoin bpost ceart dom |

Féach cuid 4.7 de na treoirlínte seo le haghaidh sampla d'aonad foghlama a bhaineann le treoir

# ‘Acmhainní a bhaineann le Treoir’ trí scoilnet.ie

Oide

## 1ú BLIAIN

**NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 2)**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**AN SCOILBHLIAIN AGAM FÉIN**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**MO LUACHANNA**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**MO CHONAIRÍ FÉIN**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**SPRIOCANNA A LEAGANN SÍOS DOM FÉIN**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

Cur I Láthair | Plean Ceachta | Bileog Oibre

## 2ú BLIAIN

**M'FHÉINIÚLACHT FÉIN (AN DUINE ATÁ IONAM FÉIN)**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**AN MEON AIGNE ATÁ AGAM**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**‘MO CHONAIRÍ FÉIN” (ROGHANNA I NDIAIDH NA MEÁNSCOILE)**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**NA SPRIOCANNA AGAM SMART**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**NA LUACHANNA UATHÚLA AGAM FÉIN**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**MO GHUTH FÉIN AGUS AN BEALACH A GCUIRIM MÉ FÉIN IN IÚL**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

Cur I Láthair | Plean Ceachta

## 3ú BLIAIN

**MO SCILEANNA**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**M'FHIOSRÚCHÁN AR GHAIRMEACHA ÉAGSÚLA**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**AN CHOTHROMAÍOCHT SAOIL AGAM**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**NA hÁBHAIR A ROGHNAIM**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**MO ROGHANNA**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

**MÉ FÉIN A CHUR I LÁTHAIR!**
Bileog Oibre | Plean Ceachta | Cur I Láthair

Cur I Láthair | Bileog Oibre | Plean Ceachta

# Téamaí Samplacha ón ROÓ

- Beidh ar chumas na ndaltaí réimse conairí iarscolaíochta a thabhairt chun aire;
- Beidh ar chumas na ndaltaí cuntas a thabhairt ar róil agus ar chúinsí éagsúla oibre;
- Beidh ar chumas na ndaltaí 'an duine is mise' a scrúdú agus a chur i láthair, féiniúlacht, réimsí spéise, luachanna agus meon, d'fhonn tuiscint níos mó a ghnóthú orthu féin;
- Beidh ar chumas na ndaltaí roinnt dá gcuid spriocanna pearsanta a thabhairt chun aire agus modhanna chun iad a bhaint amach a fhiosrú;
- Beidh ar chumas na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar a gcuid réimsí spéise agus ar a gcuid luachanna agus cuntas a thabhairt ar an gcaoi ina dtagann siad sin lena gcuid spriocanna oideachais;
- Beidh ar chumas na ndaltaí athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta scoile, teaghlaigh, comhaoiseanna agus oibre agus ar na bealaí ina mbeadh tionchar acu sin ar rogha duine maidir le slí ghairme;
- Beidh ar chumas na ndaltaí anailís a dhéanamh ar an eolas agus ar na scileanna bainistíochta slí gairme atá á ngnóthú ó ábhar faoi leith a dhéanamh agus ó bhearta éagsúla seach-churaclaim agus;
- Beidh ar chumas na ndaltaí machnamh a dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha dá saol féin agus scileanna a fhorbairt d'fhonn bainistíocht a dhéanamh ar shaol sárchothrom nuair nach bhfuil réimsí éilimh de chineálacha éagsúla agus spriocanna pearsanta ag teacht go díreach le chéile.

ROÓ Nóta Faisnéise, 09/2023, lch 3

| **Gníomhaíocht** |
|---|
| Treoir seomra ranga i modúil<br><br>Aonad 1 de 'Guidance related learning' (seacht gceacht a bhfuil torthaí foghlama soiléire agus Aguisín I acu), atá ar fáil trí careers portal agus trí scoilnet.ie |
| Rogha ábhar agus leibhéil |
| Cruinnithe chun a phlé conas atá ag éirí leis na scoláirí sna chéad seachtainí san iar-bhunscoil |
| Comórtas le linn sheachtain na ngairmeacha –<br><br>'Dear póstaer ar ghairm a bhféadfadh go mbeadh spéis agat inti – tabhair faisnéis amhail na rudaí is maith leat faoin ngairm/faoi na rudaí a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach agus faoi cén áit ar domhan a bhfuil an ghairm ann' |

*ROÓ Nóta Faisnéise, 01/2024 Aguisín 1, lch 11*


# Nithe atá le Cur san Áireamh ó thaobh Phleanáil na Sraithe Sóisearaí de.






# Aonaid Foghlama a Phleanáil.

| Ábhar<br>Bliainghrúpa: Fad ama: | | |
|---|---|---|
| Title: | | |
| Torthaí foghlama | Eispéiris foghlaimeora | Measúnú: |
| | | Acmhainní |
| Machnamh: | | |


Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach

Section 6: Aguisíní 107

AGUISÍN I:
TEIMPLÉAD CHUN TACÚ LE SCOILEANNA AGUS IAD AG PLEANÁIL AONAID FOGHLAMA SAN FHOLLÁINE

| | | | |
|---|---|---|---|
| Teideal an Aonaid: | | Fad | |
| Riachtanas sainaitheanta: | | | |
| Aidhm an aonaid: | | | |

Torthaí foghlama:

Beidh sé ar chumas an scoláire...

Eispéiris foghlama shamplacha scoláire:

Naisc leis an tSraith Shóisearach

Ráiteas foghlama:


https://tinyurl.com/mw4svex5

# Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Oide

Is féidir Treoir a thuairisciú i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí na háiteanna seo a leanas:

- Réimsí Eile Foghlama
- Nó Réimsí Eile Folláine





ROÓ (PGSS) Lámhleabhar do Scoileanna, 2025 lch. 26

# Clár Treorach Cothrom


Oide

Contanam + Cothromaíocht + Iomlánaíoch









# Athmhachnamh

**Cas i dtreo an duine in aice leat agus roinn**:

- Cad a **sheas amach** duit in EFG an lae inniú?
- Cad é an **tábhacht leis sin** maidir le Treoir na Sraith Sóisearaí i do scoil?



# Liosta ríomhphoist, Tacaíocht scoile, X



Tacaíocht Iar-bhunscoile in Scoile

Apply Here

Lean muid ar ***X***: @Oide_Guidance

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Míle buíochas

eolas@oide.ie

www.oide.ie

@Oide_Guidance

CC BY NC